Gan dídean ná dóchas

1 Roinnt míonna ó shin baineadh siar as go leor daoine nuair a d'fhógair Clann Shíomóin, an eagraíocht a chuireann cabhair ar fáil do dhaoine gan dídean, go raibh ardú 88% tagtha ar an líon daoine a bhí ina gcodladh amuigh faoin aer i mBaile Átha Cliath. Nuair a bhí na hoibrithe deonacha ag dul ó áit go háit i gcoim na hoíche le hanraith, le toitíní agus le ceapairí do na créatúir bhochta sínte ar leaca fuara – nó cuachta i bpoill thaise – thug siad faoi deara go raibh ardú mór tagtha ar lucht na málaí codlata agus an pháipéar cairtchláir. D'fhéadfaí an milleán a chur ar bhás an tíogair cheiltigh, ach dáiríre, tá an scéal i bhfad Éireann níos casta ná sin.

2 É sin ráite, nuair a thit an tóin as an ngeilleagar sé bliana ó shin, níorbh fhada gur fágadh an-chuid daoine san fhaopach. Thar oíche chaill na mílte a gcuid post, go háirithe i dtionscail na tógála. Fágadh [illegible] ginear-álta, siúinéirí, pluiméirí, leictre[illegible]i innealtóirí i bhfiacha agus gan [illegible]ch dá laghad acu ach an dól. Go m[illegible] morgá[illegible]e híoc agus scat[illegible]i le tóg[illegible]cu freisin. Ar deireadh th[illegible]í raibh an dara [illegible] sa bh[illegible]g an-chuid a[illegible]ach an bád bán a[illegible]in. D'imigh tuairim is 70,000 in aghaidh [illegible]bliana go dtí áiteanna mar an A[illegible]it Aontaithe agus Cheanada. [illegible]gh daoine dea-cháilithe

chomh maith agus d'éirig[illegible]n p[illegible]gin a fháil thar[illegible]e. D'imigh tuis[illegible]oir amháin thar lear[illegible]g oibre ina ao[illegible]ar dtús agus [illegible]ol an [illegible]n pinginí abha[illegible]hun na billí [illegible] Dhíol[illegible]le acu an teach agus d'imigh [illegible]lac[illegible]ar [illegible]go tír i bhfad i gcéin. Ach tá [illegible]nn [illegible]gadh i bponc ceart – gan pho[illegible]gan[illegible]nt isteach d'aon sórt agus, dáirí[illegible]an aon dul as acu ach na réaltaí mar dhíon [illegible]oi fhuacht na hoíche!

3 Is í an fhírinne ná nach dtuigeann an-chuid daoine cé chomh gearr an chéim í ó bheith deas teolaí i do leaba féin – post maith agat agus pócaí réasúnta teann – go bheith gan dídean agus ag brath ar charthanacht daoine eile. Ní thuigeann an sách an seang, mar a deir an seanfhocal. Má thugann tú cuairt ar ionad lae na gCaipisíneach i gceartlár Bhaile Átha Cliath tuigfidh tú go rímhaith leochaileacht an tsaoil. Bunaíodh an [illegible]d lae sa bhliain 1969 chun áit fháilteach t[illegible]chur ar fáil do dhaoine gan dídean. [illegible]irea[illegible]n t-ionad seo idir 200 agus 350 bric[illegible]ta a[illegible]ach maidin agus itheann suas le 6[illegible]e lo[illegible]n chomh maith – agus tá an scéa[illegible]g dul i ndonas. Cosnaíonn sé seo tuairi[illegible] €2.1 millíun in [illegible]haidh na bliana, ach ní fhaigheann an [illegible]hair Ke[illegible] a stiúrann an t-ionad ach €[illegible] státchiste. Deonaíonn an pobal an [illegible]d eile den airgead. Is áit fháilteach oscailte é an t-ionad agus is féidir le daoine cithfholcadh a bheith acu agus éadach glan úr a fháil ann saor in aisce. Chomh maith leis sin cuirtear seirbhísí leighis agus fiaclóireachta ar fáil dhá uair in aghaidh na seachtaine.

4 Bíonn a scéal féin ag gach uile dhuine a shlogtar isteach i bhfáinne an bhochtanais. Tógaimis Bachir a shuíonn go ciúin ag bord san ionad gach uile mhaidin. Bhí siopa nuachtán aige gar d'Ard-Eaglais Chríost, ach theip ar an ngnó sin ag tús an lagtrá eacnamaíochta. Chaill sé a theach, a bhean agus a chlann agus ní fhaca sé a chuid páistí le bliain. Ní fhaigheann sé pingin rua ón stát toisc gur duine féinfhostaithe é – agus bogann sé ó bhrú go brú ag lorg dídine. Go minic, sna brúnna, téann an torann agus an t-achrann idir é agus

Ar lean ar lch 2

SAMPLA